# Seachtain Oidhreachta S'Againne 2012

*English below*

**Seachtain Speisialta**

Bhí an-Seachtain Oidhreachta ag Gaeilge Locha Riach. Trí imeacht ar fad a bhí eagraithe in éineacht le grúpaí pobail agus cairde na hoifige. I gceantar Shliabh Eachtaí a cuireadh tús leis an spraoi agus as sin go Dún Sandail linn sular fhilleamar ar Bhaile Locha Riach.



**Siúlóid Oidhreachta i gcoiscéimeanna an tSáirséalaigh**

Cúigear déag a rinne an tsiúlóid seo is tháinig siad ó cheantar Shliabh Eachtaí, ó Bhaile Chláir na Gaillimhe, ó Chontae Mhaigh Eo, ó Chontae an Chláir agus níos faide i gcéin. Dermot Moran, fear de bhunadh na háite, a threoraigh an grúpa agus bhí scéalta aige maidir le tíreolas an bhealaigh. Tamas Peteravy, seandálaí agus Gaeilgeoir, duine de bhunadh na hUngáire, a thug eolas maidir leis na logainmneacha is eile agus muid ag siúl an bhealaigh. Bhí neart eolais ag an chomhluadar siúlóide, go deimhin agus bhí neart plé ann dá bharr. Chuamar chomh fada le Ré Rua ard a bhfuil radharc iontach as ar Loch Deirgeirt mar aon le Contae Thiobraid Árainn is Contae an Chláir.



**Camchuairt dhátheangach ar Chaisleán Dhún Sandail – cé hé sin sna ceapa?**

Tháinig slua mór chomh fada le Caisleán Dhún Sandail, caisleán de chuid mhuintir de Búrca a tógadh sa chúigiú haois déag le cúnamh 'deontas' £10 ó rialtas na Breataine. Thugamar camchuairt threoraithe dhátheangach thart air. Chonaiceamar iontais uile an chaisleáin: an teach oighir a tógadh sa seachtú haois déag is a líontaí le hoighear ó Loch Riach; poll an uafáis taobh thiar de phríomhdhoras an chaisleáin; staighre bíse tuathail, rud is annamh i gcaisleáin den stíl seo; an boghta bléineach agus rúin eile.



Ba í buaicphointe na seachtaine nuair a tháinig pobal an cheantair amach ag spraoi oíche Dé hAoine don Toraíocht Taisce Dhátheangach. Chuir Tamas Peteravy tús oifigiúil leis na himeachtaí le léacht bheag inar thug sé gach nod is leid dóibh sin a bhí ag éisteacht maidir le freagraí na gceisteanna. Agus amach leo ar fad ansin chun iomaíochta.

Arsa tuismitheoir amháin,

> "thaitin sé go mór leo ... go háirithe ag glacadh grianghrafanna dóibh féin is ag cur gnóthaí éagsúla orthu féin ... sin, na cístí milse, an tseacláid is na deochanna ... millte i gceart".






Má bhíonn ceist ar bith agat faoi imeachtaí is ranganna an fhómhair, nó eile, cuir scairt ar fhoireann Ghaeilge Locha Riach, ar 091-870718.


**Buíochas**

Is i gcomhar le Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin is le Cumann na mBailte Slachtmhara i mBaile Locha Riach a cuireadh an ócáid deiridh seo ar siúl mar aon le maoiniú ó Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Gabhann Gaeilge Locha Riach buíochas le cairde na hoifige, le Dermot Moran is Tamas Peteravy, le Marietta is Malcolm i gCaisleán Dhún Sandail, is le gach duine a d'fhreastail ar na himeachtaí a eagraíodh. Faigheann Gaeilge Locha Riach maoiniú ó Fhoras na Gaeilge.


----

*P.T.O. → English*

# Our Heritage Week 2012

**Happy Heritage**

Gaeilge Locha Riach and friends celebrated Heritage Week with three very different social events this year. The fun began in Sliabh Eachtaí, moved North to Dunsandle and ended back in Loughrea town.



**Following in Sarsfield's steps for Heritage Week**

Sarsfield's Way challenge enticed a small crowd of walkers hailing from Sliabh Eachtaí, Woodford and ClareGalway, not to mention County Mayo, County Clare and further. Local tour guide, Dermot Moran, led the way, imparting folklore, *béaloideas* in Irish, as only a local can do. Locally based archeologist and Irish speaker from Hungary, Tamas Peteravy, shared his knowledge on placenames along the way. Indeed, quite a few of the company shared *béaloideas* of their own, making for plenty of conversation. The group went as far as Ré Rua with it's unique view of Lough Derg, County Tipperary and County Clare.







**Bilingual tour of Dunsandle Castle – who's that in the stocks?**

Dunsandle Castle attracted an impressive crowd for the free bilingual tour. This is a De Burgo Castle built in the fifteenth century with the help of a £10 'grant' from the English government. The tour guides shared the castle's secrets: the ice house, built in the seventeenth century, which was filled from Lough Rea in winter time; the murder hole behind the main entrance; the anti-clockwise spiral staircase, a rare thing; the groin vault and much more.



Of course, the week ended on a high with families and friends coming out to play for the Bilingual Treasure Hunt on Friday night. It began in earnest with an address by Tamas Peteravy who gave every hint possible at the answers to the treasure hunt clues for those listening. After that the competitors took off on the treasure hunt.

According to one parent,

> "thaitin sé go mór leo ... go háirithe ag glacadh grianghrafanna dóibh féin is ag cur gnóthaí éagsúla orthu féin ... sin, na cístí milse, an tseacláid is na deochanna ... millte i gceart".






If you are interested in bilingual events, Irish classes, or other this Autumn, please call the Gaeilge Locha Riach office, on 091-870718.

### Thanks

Gaeilge Locha Riach partnered with Naomh Breandáin Credit Union and Loughrea Tidy Towns in organising the Bilingual Treasure Hunt and it was sponsored by Galway County Council's Heritage Officer. A special thanks to friends of the Irish office, to Dermot Moran and Tamas Peteravy, to Marietta and Malcolm in Dunsandle Castle and to all those who attended the events, ensuring their success. Gaeilge Locha Riach receives funding from Foras na Gaeilge.